**RABHADH**

**Freagair gach ceist sna spásanna atá ann chuige sin ar an bpáipéar seo.**

Scríobh d'Uimhir Scrúdaithe anseo.

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2003**

**STAIDÉAR IMSHAOIL AGUS SÓISIALTA**

**ARDLEIBHÉAL**

**DÉ LUAIN, 9 MEITHEAMH – IARNÓIN 1.30 – 3.30**

**Treoracha d'iarrthóirí:**

Freagair GACH CEANN de na CÚIG CHEIST laistigh

- Maidir le Ceist 1 *ar leathanaigh 2, 3, 4 agus 5,* freagair na TRÍ CHUID – (A), (B) agus (C)
- Maidir le Ceist 2 *ar leathanaigh 6, 7, 8, 9 agus 10,* freagair cuid (A) NÓ cuid (B)
- Maidir le Ceist 3 *ar leathanaigh 11, 12 agus 13,* freagair cuid (A). Ansin freagair cuid (B) NÓ cuid (C)
- Maidir le Ceist 4 *ar leathanaigh 14 agus 15,* freagair an DÁ chuid – (A) agus (B)
- Maidir le Ceist 5 *ar leathanaigh 16 agus 17,* seiceáil ar dtús go bhfuil an léarscáil agus an t-aerfótagraf agat. Freagair na ceisteanna GO LÉIR.

**Don Scrúdaitheoir amháin:**

| Ceist | MARC |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| IOMLÁN | |
| GRÁD | |

**CEIST 1**
**24 marc**

**Freagair GACH ceann de na TRÍ chuid - (A) agus (B) agus (C)**

**(A) CEISTEANNA ILROGHA** **(12 marc)**

**Freagair 12 de na ceisteanna seo a leanas trí tic ( ✓) a chur sa bhosca ceart i ngach cás.**

*Sampla:* Bhaintí úsáid as seol snáithe:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (a) san fhíodóireacht | ✓ | (b) sa scríbhneoireacht | ☐ | |
| (c) sa ghlantóireacht | ☐ | (d) sa chócaireacht | ☐ | (1) |

***1.*** Cén ceann díobh seo a leanas **NACH** foinse phríomhúil é?

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (a) beathaisnéis | ☐ | (b) griangraf | ☐ | |
| (c) dírbheathaisnéis | ☐ | (d) teastas breithe | ☐ | (1) |

***2.*** Is éard a bhí i g*crannóg* in Éirinn na gCeilteach:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (a) áit chónaithe | ☐ | (b) áit adhlactha | ☐ | |
| (c) páirc catha | ☐ | (d) áit reiligiúnach | ☐ | (1) |

***3.*** Modh amháin a úsáideann seandálaithe chun dáta a chur le rudaí is ea:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (a) peannaireacht | ☐ | (b) griangrafadóireacht | ☐ | |
| (c) stratagrafaíocht | ☐ | (d) radagrafaíocht | ☐ | (1) |

***4.*** Is í príomhchathair na Brasaíle:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (a) Brasilia | ☐ | (b) Rio de Janeiro | ☐ | |
| (c) Sao Paulo | ☐ | (d) Recife | ☐ | (1) |

***5.*** Is féidir *bustees* a fháil i gcathracha sa domhan i mbéal forbartha. Is éard atá iontu:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (a) árasáin só | ☐ | (b) slumanna | ☐ | |
| (c) blocanna oifige | ☐ | (d) tithe leathscoite | ☐ | (1) |

***6.*** Is sampla d'acmhainn inathnuaite é:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (a) móin | ☐ | (b) ola | ☐ | |
| (c) amhiarann | ☐ | (d) uisce | ☐ | (1) |

***7.*** Is sampla de thionscal seirbhíse is ea:

(a) feirmeoireacht ☐ (b) turasóireacht ☐

(c) déantúsaíocht ☐ (d) iascaireacht ☐ (1)

***8.*** Sa Mheánaois, d'úsáid tógálaithe áirsí cruinn os cionn doirse. Is éard a thugtar ar an stíl sin ná:

(a) Clasaiceach ☐ (b) Rómhanúil ☐

(c) Gotach ☐ (d) Barócach ☐ (1)

***9.*** Ba ghné a bhain de ghnáth le caisleán meánaoiseach é *móta*. Is éard a bhí ann ná:

(a) balla ard ☐ (b) túr faire ☐

(c) trinse domhain ☐ (d) geata iarainn ☐ (1)

***10.*** Le linn na Réabhlóide Tionsclaíche, d'fhionn James Hargreaves:

(a) an Mhiúil Sníofa (Mule) ☐ (b) an spól crochta (Flying Shuttle) ☐

(c) an Fráma Uisce (Water Frame) ☐ (d) an Sinéidín (Spinning Jenny) ☐ (1)

***11.*** Is éard an toradh a bhíonn ar dhlús íseal daonra go minic ná:

(a) plódú ☐ (b) easpa spáis oscailte ☐

(c) truailliú ☐ (d) dúnadh síos seirbhísí ☐ (1)

***12.*** Is éard a chiallaíonn dílárnú ná postanna seirbhíse poiblí a aistriú ó:

(a) ceantair áitiúla go dtí an tuaisceart ☐ (b) an lár go dtí ceantair áitiúla ☐

(c) ceantair áitiúla go dtí an lár ☐ (d) ceantair áitiúla go dtí an deisceart ☐ (1)

***13.*** Seasann an eagraíocht de chuid na Náisiúin Aontaithe E.D.S. do:

(a) Eagraíocht Dhomhanda Síochána ☐ (b) Eagraíocht Dhomhanda Sláinte ☐

(c) Eagraíocht Dhomhanda Siúlóide ☐ (d) Eagraíocht Dhomhanda Staire ☐ (1)

***14.*** Chuir Conradh na Róimhe (1957) é seo ar bun:

(a) N.A.T.O. ☐ (b) Na Náisiúin Aontaithe ☐

(c) Conradh na Náisiún ☐ (d) Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa ☐ (1)

## (B) AN SAOL LOCHLANNACH IN ÉIRINN (6 mharc)


Déan cur síos ar shaol na Lochlannach in Éirinn. Is féidir leat na ceannteidil seo a leanas a úsáid mar threoirlínte:

Bia agus Deoch
Tithe
Éadaí
Trádáil

(6)

## (C) MÓSAIMBÍC (6 mharc)

**Foinse A**
Déan staidéar ar an tábla thíos agus ansin freagair na ceisteanna a leanas.




**Léarscáil an hAfraice, a thaispeánann Mósaimbíc**




*1.* Cén daonra atá ag Mósaimbíc?

______________________________________________ (1)

*2.* Cad é an ráta litearthachta do mhná?

______________________________________________ (1)

*3.* Cén fáth a bhfuil an oiread sin bochtanais (70%) sa tír seo i do thuairim? Luaigh píosa **AMHÁIN** fianaise i do fhreagra ón eolas a tugadh.

______________________________________________

______________________________________________ (2)

*4.* Is sampla de *thír i mbéal forbartha* í Mósaimbíc. Mínigh slí **AMHÁIN** a bhfuil difríocht idir an saol ansin agus an saol i *dtír fhorbartha*.

______________________________________________

______________________________________________ (2)

**CEIST 2**
**24 marc**

**Freagair cuid (A) nó (B)**

**(A) PLANDÁIL ULADH** **(24 marc)**

**Foinse A**
Déan staidéar ar an sliocht thíos agus ansin freagair na ceisteanna a leanann é.

> ***Cuallachtaí Londain***
>
> *D'áitigh Séamas I ar dhá cheann déag de Chuallachtaí saibhre Londain* ***An Cumann Onórach Éireannach*** *(The Honourable Irish Society) a bhunú chun Contae Chúil Raithin a phlandáil. Athainmníodh an contae Londonderry and Coleraine. Thóg gach cuallacht sráidbhaile nó sráidbhailte ar na tailte a dáileadh orthu, mar shampla, Draperstown (Baile na Croise), Saltertown. Ar mhaithe le sochar, is fíor-bheagán tionóntaí Briotanacha a thug siad isteach agus choinnigh siad líon mór tionóntaí Éireannacha in ainneoin na gconarthaí a bhí déanta acu leis an rialtas.*

***1.*** Cén fáth ar áitigh Séamas I ar dhá cheann déag de Chuallachtaí Londain 'An Cumann Onórach Éireannach' a bhunú?

______________________________________________

______________________________________________ (2)

***2.*** Cad a rinne gach cuallacht ar an talamh a tugadh dóibh?

______________________________________________

______________________________________________ (2)

***3.*** I do thuairim, conas a fuair an talamh ar a dtugtar Draperstown **NÓ** Salterstown a ainm?

______________________________________________

______________________________________________ (2)

***4.*** Cén fáth ar thug na Cuallachtaí isteach fíor-bheagán tionóntaí Briotanacha?

______________________________________________

______________________________________________ (2)

***5.*** Tabhair **DHÁ** chúis gur dóigh leat gur bhain tábhacht le Cuallachtaí Londain i bPlandáil Uladh.


1. ______________________________________________

______________________________________________

2. ______________________________________________

______________________________________________ (4)

**Foinse B**
Déan staidéar ar an léarscáil de bhaile plandála thíos agus ansin freagair na ceisteanna a leanann é.




***6.*** Bain úsáid as an léarscáil, agus tabhair **DHÁ** phointe fianaise le taispeáint go mba bhaile pleanáilte é seo.

1. ______________________________________________

______________________________________________

2. ______________________________________________

______________________________________________ (4)

***7.*** Ainmnigh gné chosanta **AMHÁIN** de chuid an bhaile seo.

______________________________________________

______________________________________________ (2)

***8.*** D'fhás na bailte plandála go mall. Tabhair cúis **AMHÁIN** leis sin.

______________________________________________

______________________________________________ (2)

***9.*** Le cois bailte nua a bhunú, luaigh **DHÁ** thoradh eile a bhí ar Phlandáil Uladh.

1. ______________________________________________

______________________________________________

2. ______________________________________________

______________________________________________ (4)

**<u>NÓ</u>**

**(B) AN BHRASAÍL SA 20ú hAOIS** **(24 marc)**

**Foinse A**

Déan staidéár ar an sliocht thíos agus ansin freagair na ceisteanna a leanas.

> *Bhí Maria Santoz ina cónaí in Vila Prudente, bruachbhaile de chuid Sao Paulo, ar feadh na daichead is a cúig bliana seo caite. Bhí sí ar dhuine de na chéad daoine a lonnaigh sa cheantar seo, tar éis teacht di ón taobh thiar-thuaidh lena fear céile ag lorg oibre.*
> *Fuair a fear céile obair ar an líne chóimeála i monarcha Ford agus saothraíonn sé an méid a dtugann go leor i mBéarla "whipping wage" air (pá spíonta). I gcathair ina bhfuil níos mó daoine ná postanna, bíonn fir agus mná sásta uaireanta fada oibre a dhéanamh ar mhaithe le pá an-íseal. Nuair a dhéanann daoine iarracht troid a dhéanamh trí cheardchumainn ar mhaithe le coinníollacha agus pá níos fearr, is minic a bhristear as a bpost iad.*
>
> *Nuair a tháinig siad go Sao Paulo i dtosach, ní raibh aon áit chónaithe ag Maria agus a fear céile. Tharla sé gur le linn dá fear céile a bheith ag lorg oibre gur aimsigh sé an favela ag Vila Prudente. Na daoine a bhí ina gcónaí ansin bhí siad ag lonnú ar an talamh go neamhdhlíthiúil ach ní raibh aon duine sásta iad a ruaigeadh as an áit. Is é ba chúis leis sin ná gur píosa talún a bhí ann a bhí sáinnithe idir bóthar iarainn agus bóthar mór agus nach raibh mórán maitheasa ann do dhuine ar bith. Tá cuimhne ag Maria ar na chéad tithe a tógadh ann. Tógadh iad go léir beagnach de na boscaí pacála adhmaid ón monarcha. Ní raibh leictreachas ná córas séarachais sa favela. Chun uisce sábháilte a fháil le hól, théadh Maria tuairim is míle go dtí an píobán uisce ba ghaire agus bhíodh uirthi é sin a dhéanamh cúig huaire sa lá.*

***1.*** Cé mhéad bliain atá caite ag Maria ina cónaí i Vila Prudente?

______________________________________________________________(1)

***2.*** Cá bhfuair fear céile Maria obair?

______________________________________________________________(1)

***3.*** Cad is ciall leis an téarma 'whipping wage'?

______________________________________________________________

______________________________________________________________(2)

***4.*** Mínigh na téarmaí seo a leanas:

**Ceardchumann**

______________________________________________________________

______________________________________________________________

**Favela**

______________________________________________________________

______________________________________________________________(4)

***5.*** Cén fáth nár ruaigeadh Maria agus a fear céile ón talamh ar a raibh siad lonnaithe?

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ (2)

***6.*** Cad de a tógadh na chéad tithe sa favela?

______________________________________________________________________ (1)

***7.*** Liostáil **TRÍ** fhadhb a bhí os comhair Maria ina teach i Vila Prudente.

1. ______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

2. ______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

3. ______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ (3)


***8.*** Tabhair cúis **AMHÁIN** a mealltar an oiread sin daoine ar nós le Maria agus a fear céile go cathair ar nós Sao Paulo**.**

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ (2)

**Foinse B: Príomhshráid i Vila Prudente**

Déan staidéar ar an bhfótagraf thíos agus ansin freagair na ceisteanna a leanas.



***9.*** Bain úsáid as an bhfótagraf, agus luaigh **DHÁ** phíosa fianaise a léiríonn gur ceantar bochtanais é seo.

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________ (2)

***10.*** Luaigh **DHÁ** rud a d'fhéadfaí a dhéanamh chun an tsráid seo a fheabhsú.

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________ (4)

***11.*** Cén fáth, an dóigh leat, a bhfuil ceantair den chineál bochtanais seo i dtír ar nós na Brasaíle?

______________________________

______________________________

______________________________ (2)


# CEIST 3

**24 marc**


**Freagair cuid (A). Ansin freagair cuid (B) nó cuid (C)**

## (A) AN RÉABHLÓID THIONSCLAÍOCH (12 marc)

Déan staidéar ar na pictiúir thíos agus ansin freagair na ceisteanna a leanas.




**Inneall Gaile Watt**



**Tiontaire Bhessemer**

*1.* Scríobh pointe **AMHÁIN** le cur in iúl conas a d'oibrigh inneall gaile Watt.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ (2)

*2.* Ainmnigh foinse chumhachta **AMHÁIN** a bhí ann sular fionnadh inneall gaile Watt.

______________________________________________________________________ (1)

*3.* Mínigh conas a chuidigh inneall gaile Watt leis na tionscail seo a leanas:

**Cadás** ______________________________________________________________

______________________________________________________________________

**Gual** ______________________________________________________________

______________________________________________________________________ (4)

*4.* Modh saor chun cruach a dhéanamh ba ea Tiontaire Bhessemer. Ainmnigh an mhian a úsáideadh sa phróiseas seo.

______________________________________________________________________ (1)

*5.* Luaigh **DHÁ** éifeacht a bhaineann le cruach shaor a bheith ar fáil go héasca.

1. ____________________________________________________________________

______________________________________________________________________

2. ____________________________________________________________________

______________________________________________________________________ (4)

**(B)** **AN CHÉAD CHOGADH DOMHANDA** **(12 marc)**

Léigh an sliocht thíos agus ansin freagair na ceisteanna a leanas.

> ***Cath na Somme (1916)***
>
> *I Mí Iúil na bliana 1916 chuir na Briotanaigh faoin nGinearál Haig tús le hionsaí ollmhór. Rinneadh é sin ar bhealach chun an brú ar na Francaigh ag Verdun a mhaolú agus ar bhealach mar gur creideadh go bhféadfadh ionsaí millteach ón slua coisí ar feadh Abhainn na Somme bua mór a bhaint amach. Thosaigh an t-ionsaí tar éis bombardú ar na trinsí a sheas ar feadh roinnt mhaith laethanta. Ach níor tharla aon bhriseadh tríd i gceart. Ina áit sin, is amhlaidh gur sheas an cath i bhfad gan mórán dul chun cinn ar ceachtar taobh. Nuair a tháinig deireadh leis i Mí na Samhna, bhí 420,000 fear caillte ag na Briotanaigh, 190,000 ag na Francaigh agus 450,000 ag na Gearmánaigh.*

***1.*** Bain úsáid as an sliocht thuas, agus luaigh **DHÁ** chúis gur tharla Cath na Somme.

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________ (2)

***2.*** Ainmnigh ceannaire na bhfórsaí Briotanacha.

______________________________ (1)

***3.*** Ar tharla Cath na Somme ar an bhFronta Thiar **NÓ** ar an bhFronta Thoir?

______________________________ (1)

***4.*** D'ionsaigh na Briotanaigh na trinsí Gearmánacha. Luaigh **DHÁ** chúis gur úsáideadh trinsí sa Chéad Chogadh Domhanda.

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________ (4)

***5.*** Bain úsáid as an sliocht, agus luaigh **DHÁ** thoradh a bhaineann le Cath na Somme.

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________ (4)

**(C) AN DARA COGADH DOMHANDA** **(12 marc)**

Déan staidéar ar an sliocht thíos agus ansin freagair na ceisteanna a leanas.

> ***An Eoraip faoi Smacht na Nazi***
> *Faoin mbliain 1942, bhí smacht ag Gearmáin Hitler ar mhór-roinn na hEorpa ó chósta na Fraince san iarthar go dtí Moscó agus Stalingrad san oirthear. I ndiaidh an airm, tháinig an S.S. agus an Gestapo chun smacht na Nazi a chur i bhfeidhm.*
>
> *Baineadh úsáid as obair sclábhaithe chun geilleagar na Gearmáine a choinneáil ar siúl i rith an chogaidh. Faoin mbliain 1944, bhí breis is 7.5 milliún oibrí eachtrannacha á gcoinneáil sna mílte campa oibre. Bhí siad ag obair i ngach cuid den gheilleagar, ó fheirmeacha beaga go monarchana móra airm. Caitheadh go cruálach lena lán díobh.*
>
> *De réir mar a réabh arm na Gearmáine trasna na hEorpa, tháinig na milliúin Giúdach faoi smacht na Nazi, go háirithe in oirthear na hEorpa. Bailíodh Giúdaigh agus locadh iad i ngeitonna nó cuireadh i dtraenacha eallach iad go campaí géibhinn. Is é an rud a bhí beartaithe ag Hitler ná na Giúdaigh go léir a mharú. Faoin mbliain 1945, bhí 6 mhilliún Giúdach maraithe ag na Nazi. Il-loscadh nó Holocaust a thugtar air sin.*

***1.*** Bain úsáid as fianaise ón sliocht thuas, agus ainmnigh **DHÁ** eagraíocht, seachas an t-arm, a chuir smacht na Nazi i bhfeidhm.

1. ______________________________

2. ______________________________ (2)

***2.*** Mínigh na téarmaí seo a leanas:

**Obair sclábhaithe** ______________________________

______________________________

**Campa Géibhinn** ______________________________

______________________________

**Il-loscadh (Holocaust)** ______________________________

______________________________ (6)

***3.*** Cén fáth, dar leat, nár thaitin na Giúdaigh le Hitler?

______________________________

______________________________ (2)

***4.*** Cén fáth ar buadh ar an nGearmáin sa Dara Cogadh Domhanda?

______________________________


______________________________ (2)

# CEIST 4
**24 marc**


**Freagair an DÁ chuid – (A) agus (B)**

**(A) ÉAGOTHROIME SA DOMHAN INNIU** **(12 marc)**

**Foinse A**
Déan staidéar ar **Fhótagraf A** agus ar **Fhótagraf B** thíos agus ansin freagair na ceisteanna a leanas.



**Fótagraf A**



**Fótagraf B**

***1.*** Ainmnigh **TRÍ** ghné i **bhFótagraf A** a léiríonn bochtanas.

1. ________________________________________

2. ________________________________________

3. ________________________________________ (3)

***2.*** Ainmnigh **TRÍ** ghné i **bhFótagraf B** a léiríonn saibhreas.

1. ________________________________________

2. ________________________________________

3. ________________________________________ (3)

***3.*** Cruthaíonn **Fótagraf A** agus **Fótagraf B** go bhfuil '*éagthroime mhór sa domhan*'. Mínigh an chiall a bhaineann tú as an bhfrás sin.

________________________________________

________________________________________

________________________________________ (2)

***4.*** Scríobh síos **DHÁ** bheart ar cheart a chur i bhfeidhm chun éagothroime sa domhan inniu a laghdú.

1. ________________________________________

________________________________________

2. ________________________________________

________________________________________ (4)

**(B) BÁISTEACH AIGÉADACH AGUS AN TIMPEALLACHT** **(12 marc)**

**Foinse B**

Déan staidéar ar an gcartún thíos agus ansin freagair na ceisteanna a leanas.




'Is é a deirim i gcónaí . . . cibé rud a théann suas ní mór dó teacht anuas freisin.'

***1.*** Bain úsáid as an gcartún thuas, agus ainmnigh **DHÁ** aigéad is cúis le báisteach aigéadach.

1. ______________________________

2. ______________________________ (2)

***2.*** Luaigh cúis **AMHÁIN** a bhfuil na haigéid sin le fáil i mbáisteach aigéadach.

______________________________

______________________________ (2)

***3.*** Déan cur síos ar na héifeachtaí a bhíonn ag báisteach aigéadach orthu seo a leanas:

**Talmhaíocht** ______________________________

______________________________

**Foraoisí** ______________________________

______________________________

**Uisce** ______________________________

______________________________

**Turasóireacht** ______________________________

______________________________ (8)

**CEIST 5**

**24 marc**

**Déan deimhin de go bhfuil léarscáil agus fótagraf agat sula bhfreagraíonn tú na ceisteanna seo.**

Scrúdaigh **an léarscáil** S.O. 1:50,000 **agus an t-aerfótagraf daite** a thagann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna a leanas.
Léiríonn an léarscáil agus an fótagraf baile Ceatharlach agus an ceantar ina thimpeall.

***1.*** Bain úsáid as an léarscáil S.O., agus ainmnigh an phríomhabhainn a ritheann trí bhaile Ceatharlach.

________________________________________ (2)

***2.*** Bain úsáid as fianaise na léarscáile, agus luaigh **DHÁ** chúis gur fhás Ceatharlach san áit seo.

1. ________________________________________

________________________________________

2. ________________________________________

________________________________________ (4)

***3.*** Tá na himlínte comhairde an-ghar dá chéile ag S67 71. Cad a insíonn sé sin dúinn?

________________________________________

________________________________________ (2)

***4.*** Luaigh **DHÁ** bhuntáiste atá ag an gceantar ar an léarscáil don talmhaíocht.

1. ________________________________________

________________________________________

2. ________________________________________

________________________________________ (4)

***5.*** Ainmnigh na láithreacha stairiúla (scríofa i ndearg) ag na tagairtí eangaí seo a leanas:

1. S733 740 ________________________________

2. S687 729 ________________________________ (4)

***6.*** Bain úsáid as an bhfótagraf, agus liostáil **CEITHRE** chineál dhifriúla slí ina n-úsáidtear talamh i mbaile Ceatharlach..

1. ________________________________________

2. ________________________________________

3. ________________________________________

4. ________________________________________ (4)

***7.*** Léirítear roinnt carrchlós nach bhfuil ar na sráideanna san fhótagraf de bhaile Ceatharlach. Luaigh buntáiste **AMHÁIN** a bhaineann leis sin don bhaile.

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________ (2)

***8.*** Is féidir le haibhneacha a bheith ina gcúis le fadhbanna i mbailte ar nós Ceatharlach. Mínigh fadhb **AMHÁIN** a d'fhéadfadh tarlú de bharr aibhneacha i mbaile Ceatharlach.

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________ (2)

**Leathanach Bán**

**Leathanach Bán**

# Leathanach Bán